## James Larkin



*“The great appear great because we are on our knees: Let us rise.”*

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem



Méid Iarbhír

Actual Size

**BONN PROFA AIRGID €15 2013**

Dáta Eisiúna: **24 Meán Fómhair 2013**
Dearadh: **Rory Breslin**
Luach Ainmniúil: **€15**
Glaine: **.925 Airgead Steirling**
Trastomhas: **38.61mm** Meáchan: **28.28 gram**
Mionta coitinn: **10,000** Cáilíocht: **Profa**

Arna eisiúint ag Banc Ceannais na hÉireann.
Arna thionscain agus arna tháirgeadh ag Pobjoy Mint.

**2013 €15 SILVER PROOF COIN**

Date of Issue: **24 September 2013**
Design: **Rory Breslin**
Face Value: **€15**
Fineness: **.925 Sterling Silver**
Diameter: **38.61mm** Weight: **28.28 grammes**
Mintage: **10,000** Quality: **Proof**


Issued by the Central Bank of Ireland.
Originated and Produced by the Pobjoy Mint

**An Lárionad Airgeadra • Áth an Ghainimh • Bosca PO 61 • Baile Átha Cliath 16 • ÉIRE**
**www.centralbank.ie • r-phost: coinsets@centralbank.ie**
**Íosghlao teileafóin laistigh d’Éirinn: 1890 307 607**
**Thar lear: +353 1 2483605**

Currency Centre • Sandyford • PO Box 61 • Dublin 16 • IRELAND
www.centralbank.ie • e-mail: coinsets@centralbank.ie
Telephone lo-call within Ireland: 1890 307 607
Overseas: +353 1 2483605

Photographs: ©Topfoto

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem



# Comóradh Céad Bliain
# Fhrithdhúnadh 1913

# The Centenary of the
# 1913 Dublin Lockout

## Eisiúint Theoranta de Bhonn Profa Airgid €15 2013

## Limited Issue €15 Silver Proof Coin 2013

## Frithdhúnadh Bhaile Átha Cliath 1913

B’uafásach dálaí maireachtála na mbochtán i mBaile Átha Cliath i 1913. Bhí pá na n-oibrithe neamhoilte fíor-íseal agus bhí cónaí ar na hoibrithe sin i dtionóntáin phlódaithe áit a raibh galar forleathan agus ráta báis ard. D’eagraigh James Larkin, bunaitheoir agus ceannaire Cheardchumann Iompair agus Ilsaothair na hÉireann, sraith stailceanna a bhain le carraeirí, dugairí, fir iarnróid agus oibrithe tram chun a bpá agus a ndálaí maireachtála a fheabhsú.

As seo, d’eascair coimhlint bhinbeach le Cónaidhm Fhostóirí Bhaile Átha Cliath a d’imir frithdhúnadh ar a gcuid oibrithe. Thacaigh cearchumainn eile lena gcomhoibrithe, rud ba chionsiocair le corraíl agus dífhostaíocht bhreise. Bhí an t-achrann seo ar cheann de na hachrainn ba mhó agus ba thábhachtaí i stair saothair na hÉireann. Mhair sé ón 26 Lúnasa 1913 go dtí an 18 Eanáir 1914 agus bhí os cionn 20,000 oibrí agus 400 fostóir páirteach ann. Réitigh sé an bealach do théarmaí fostaíochta níos cothroime d'oibrithe na hÉireann.

## The 1913 Dublin Lockout

In 1913, the living conditions of the poor in Dublin were dire. Unskilled workers were badly paid and lived in over-crowded tenements where disease was rife and mortality rates high. James Larkin, founder and leader of the Irish Transport and General Workers’ Union, organised a series of strikes involving carters, dockers, railwaymen and tram workers to improve their pay and working conditions.

A bitter conflict ensued with the Dublin Employers’ Federation who locked out their workers. Other unions supported their fellow workers leading to further unrest and unemployment. The dispute was one of the largest and most important in Irish labour history. It lasted from 26 August 1913 to 18 January 1914 and involved over 20,000 workers and 400 employers. It paved the way for fairer employment for Irish workers.

*Jim Larkin ag labhairt leis an slua ó fhuinneog fhoirgneamh Cheardchumann Iompair agus Ilsaothair na hÉireann in 1913.*

*Jim Larkin addresses the crowd from the window of the Irish Transport and General Workers’ Union building in 1913.*



I gcomhar leis an Roinn Airgeadais, tá líon teoranta de bhoinn inbhailithe á eisiúint ag Banc Ceannais na hÉireann chun cothrom céad bliain Fhrithdhúnadh Bhaile Átha Cliath 1913 a chomóradh.

Rinneadh na boinn inbhailithe stairiúla €15 seo a bhualadh chuig an gcaighdeán is airde profa. Ar chúl an bhoinn, taispeántar léiriú siombalach de Jim Larkin agus é ag labhairt le slua oibrithe ar dúnadh na geataí rompu agus lena gcuid teaghlach. Ba é an dealbhóir clúiteach, Rory Breslin, a dhear.

Ar aghaidh an bhoinn, tá an léiriú traidisiúnta den chruit Ghaelach.

In conjunction with the Department of Finance, the Central Bank of Ireland is issuing a limited edition collector coin to commemorate the Centenary of The 1913 Dublin Lockout.

These historic limited issue €15 collector coins have been struck to the highest proof quality. The reverse of the coin features a symbolic representation of Jim Larkin addressing a gathering of locked-out workers and their families. The design is by renowned Irish sculptor Rory Breslin.

The obverse of the coin bears the traditional representation of the Irish harp.

*Tugann na póilíní faoi shlua círéibe i mBaile Átha Cliath le linn na stailce ar an Satharn an 30 Lúnasa 1913.*

*Police baton charged a rioting crowd in Dublin during the strike on Saturday 30 August 1913.*



## Eisiúint Theoranta de Bhonn Profa Airgid €15

Tá múnlú na mbonn inbhailithe stairiúil €15 seo fíorghalánta agus is ómós feiliúnach iad don chomóradh céad bliain suntasach seo i stair na hÉireann. Rinneadh gach bonn a bhualadh chuig caighdeán profa .925 airgid steirling agus is i mbosca galánta taispeántais a bheidh gach bonn. Beidh Deimhniú Údarachta uimhrithe, ina ndeimhneofar an teorainn eisiúna íseal, ag gabháil le gach ceann díobh freisin.

Tá teorainn dhocht arb ionann agus 10,000 bonn airgid ag gabháil le heisiúint an bhoinn chomórtha seo. Tá spéis mhór á léiriú cheana féin ag bailitheoirí in Éirinn agus ag bailitheoirí ar fud an domhain sna boinn seo. Táthar ag súil go mbeidh an-éileamh orthu. Má theastaíonn uait ceann a fháil, ná déan moill.

**Seolfar na boinn an 24 Meán Fómhair 2013 agus déanfar na horduithe a sheachadadh go luath ina dhiaidh sin.**

- **Comórtar cothrom céad bliain Fhrithdhúnadh Bhaile Átha Cliath 1913**
- **Léirítear dearadh allabhrach leis an dealbhóir Éireannach Rory Breslin**
- **Arna mbualadh in Airgead Steirling (.925 Ag)**
- **Arna múnlú go dtí an caighdeán Profa is airde**
- **Teorainn eisiúna dhomhanda íseal de 10,000**
- **Cás galánta taispeántais agus deimhniú údarachta uimhrithe**

**Bonn Profa Airgid €15**

**€15 Silver Proof Coin**




## Limited Issue €15 Silver Proof Coin

These historic €15 collector coins are beautifully minted and are a fitting tribute to commemorate this significant centenary in Irish history. Each coin is struck to proof quality in .925 sterling silver and is enclosed within its own elegant presentation case. A numbered Certificate of Authenticity testifying to the low issue limit accompanies each coin.

This commemorative coin issue is strictly limited to **only 10,000** silver coins. These coins are already attracting great interest from collectors in Ireland, and throughout the world. They are expected to be in high demand. If you wish to acquire them for your collection do not delay.

**The coin will be launched on 24 September 2013 and orders will be despatched shortly after the launch.**

- **Commemorating the Centenary of the 1913 Dublin Lockout**
- **Featuring an evocative design by Irish sculptor Rory Breslin**
- **Struck in sterling silver (.925 Ag)**
- **Beautifully crafted to the highest proof quality**
- **Low worldwide issue limit of 10,000**
- **Elegant presentation case and numbered Certificate of Authenticity**




**Teorainn Eisiúna**
Issue Limit
10,000



**Praghas**
Price
**€44**

**Ordaigh anois. Dáta eisiúna an 24 Mean Fómhair 2013**
**Ordaigh anois trí ghlaoch a chur orainn nó tríd an bhFoirm Ordaithe a sheoladh ar ais**
Íosghlao teileafóin laistigh d'Éirinn: **1890 307 607**
Teileafón thar lear: **+353 1 2483605**

## An Dearthóir - Rory Breslin

**Rinne Rory Breslin staidéar ar an ealaín sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus i Sasana, sa Fhrainc, i bPoblacht na Seice agus sa tSlóvaic. Bhí sé ina chomhbhunaitheoir ar Dhánlann Dealbhóireachta na gCeann i mBaile Átha Cliath agus bhíodh sé ag léachtóireacht go páirtaimseartha sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus tá neart taispeántas dá shaothar líníochta agus dealbhóireachta curtha ar bun aige in Éirinn agus thar lear. Faoi láthair, tá cónaí air in Iarthar na hÉireann.**

"Léirítear na sluaite i gcúlra an deartha; tá fir ann a bhfuil caipíní boga píce orthu agus mná a bhfuil hataí orthu. Tá sé tábhachtach go mbeadh mná san íomhá mar cé gurb iad na fir a taispeánadh go príomha ar na sráideanna ag cruinnithe i bpictiúir ón am sin, bhí tionchar ollmhór ag an teagmhas seo ar theaghlaigh.

Ar an mbonn, léirítear barraí geata agus glas agus feictear an slua agus Larkin sa chúlra. Leis na barraí sin, dealraítear don bhreathnóir go bhfuil sé nó sí ag breathnú trí na barraí, móitíf a dhéanann deighilt idir an radharc sin agus muidne atá san am i láthair agus a bhfuil iliomad ceart againn arna ngnóthú le dua mór, ní hamháin i ndlí an tsaothair ach i mBunreacht na hÉireann agus sa dlí Eorpach chomh maith. Ní hamháin go leagtar béim ar sheasamh crua na bhfostóirí ag an am sin leis an íomhá den ghlas sin ach, ina theannta sin, is tagairt phictiúrtha é don chomóradh céad bliain agus don ainm comónta, Frithdhúnadh Bhaile Átha Cliath.

Trí dhul ar chúl Larkin sa phictiúr, bímid ar aghaidh an tslua, slua atá déanta suas de dhaoine éagsúla a bhfuil a scéal féin ag gach duine díobh.  Ar an gcaoi sin, aistrítear an bhéim ó Larkin mar phointe fócasach den phictiúr go dtí an pobal agus a gcruachás ag an am."

## The Designer - Rory Breslin

**Rory Breslin studied art at the National College of Art and Design as well as in England, France, Czech Republic and Slovakia. He co-founded the Head Sculpture gallery in Dublin, has lectured part-time in the National College of Art and Design and has had numerous solo drawing and sculpture exhibitions in Ireland and abroad. He is currently living in the West of Ireland.**

"The design has as its background the crowds; men with soft caps and women in hats. The inclusion of women is important because, while most of the historic images depict mainly men on the streets at meetings, this was an event that had an enormous impact on whole families.

The coin depicts the bars of a gate and lock, with the crowd and Larkin in the background. The bars give the viewer the impression of looking through them, a motif that separates the scene from ourselves in the present where we have a myriad of hard won rights not only in labour law but in the Irish Constitution and in European law. The addition of the lock not only emphasises the hard stance taken by the employers of the day, it is also a pictorial reference to the centenary and its usual name, The Dublin Lockout.

In showing Larkin from behind we are facing the crowd of varying individuals, each with a story to tell. The emphasis is turned from Larkin as a focal point of the picture back to the community and their desperate situation at the time."



**Order Now. Issue date 24 September 2013**
**Order Now by telephone or by returning the enclosed Order Form**
Telephone lo-call within Ireland: **1890 307 607**
Telephone overseas: **+353 1 2483605**